CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1801 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 i dtaca le caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh píopaí miotalacha tionsclaíocha, boltáil feirí agus a siúntaí agus a gcoirí gaile cruach dosmálta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Threoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), maidir le brú-threalamh nó cóimeálacha dá dtagraítear in Airteagal 4(1) agus (2) den Treoir sin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna de na caighdeáin chomhchuibhithe sin agus a bhfuil a dtagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais riachtanacha sábháilteachta a chumhdaítear faoi na caighdeáin sin nó faoi chodanna de na caighdeáin sin dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) I litir M/071 dar dáta an 1 Lúnasa 1994, d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) na caighdeáin a bhaineann le táirgí agus na caighdeáin de chineál cothrománach a tharraingt suas i ndáil leis an mbrú-threalamh chun tacú le Treoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Cuireadh Treoir 2014/68/AE in ionad na Treorach sin gan athrú a dhéanamh ar na ceanglais riachtanacha sábháilteachta dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 97/23/CE.

(3) Ar bhonn iarraidh M/071 agus chun úrscothacht a léiriú, rinne CEN athbhreithniú agus leasú ar chuid de na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana. Go sonrach, rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 1515-4:2009 a raibh glacadh chaighdeán comhchuibhithe EN 1515-4:2021 maidir le boltáil feirí agus a siúntaí ina thoradh air. Rinne CEN athbhreithniú freisin ar chaighdeán comhchuibhithe EN 14222:2003 a raibh glacadh chaighdeán EN 14222:2021 maidir le coirí gaile cruach dosmálta ina thoradh air.

(4) Ina theannta sin, rinne CEN leasú ar chaighdeán comhchuibhithe EN 13480-3:2017 maidir le píopaí miotalacha tionsclaíocha.

(5) I dteannta le CEN, rinne an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na caighdeáin maidir le brú-threalamh arna leasú nó arna n-athbhreithniú ag CEN iarraidh M/071.

(6) Na caighdeáin maidir le brú-threalamh arna leasú nó arna n-athbhreithniú ag CEN, comhlíonann siad na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm leo iad a chumhdach agus a dtagraítear dóibh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/68/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(7) Foilseofar na tagairtí do leaganacha leasaithe nó athbhreithnithe chaighdeáin EN 1515-4:2009, EN 14222:2003 agus EN 13480-3:2017. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do chaighdeáin EN 1515-4:2009 agus EN 14222:2003. a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]).

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.

([2]) Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh a chur ar fáil ar an margadh (IO L 189, 27.6.2014, lch. 164).

([3]) Treoir 97/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Bealtaine 1997 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le brú-threalamh (IO L 181, 9.7.1997, lch. 1).

([4]) IO C 326, 14.9.2018, lch. 94.

(8) Chun a ndóthain ama a thabhairt do mhonaróirí a dtáirgí a chur in oiriúint do na leaganacha leasaithe nó athbhreithnithe de na caighdeáin chomhchuibhithe maidir le boltáil feirí agus a siúntaí agus a gcoirí gaile cruach dosmálta, is gá tarraingt siar na gcaighdeán sin a chur siar.

(9) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 ón gCoimisiún ([5]), liostaítear na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/68/AE. Ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1515-4:2021 agus EN 14222:2021 a áireamh san Iarscríbhinn sin.

(10) In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616, liostaítear tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/68/AE agus atá le tarraingt siar as *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1515-4:2009 agus EN 14222:2003 a áireamh san Iarscríbhinn sin.

(11) Cuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 na tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe EN 13480-3:2017 agus na tagairtí do leasuithe EN 13480- 3:2017/A2:2020 agus EN 13480-3:2017/A3:2020. Rinneadh leasú breise ar chaighdeán EN 13480-3:2017. Is iomchuí an iontráil ábhartha san Iarscríbhinn sin a ionadú agus an tagairt do leasú EN 13480-3:2017/A1:2021 a chur isteach.

(12) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 a leasú dá réir.

(13) Is éard a thugtar le fios le caighdeán comhchuibhithe a chomhlíonadh go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na ceanglais riachtanacha chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeáin den chineál sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Dá bhrí sin, ba cheart don Chinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(2) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1616 ón gCoimisiún an 27 Meán Fómhair 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i dtaca le brú-threalamh arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2014/68/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 250, 30.9.2019, lch. 95).

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 29:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"29.	EN 13480-3:2017 Píopaí miotalacha tionsclaíocha – Cuid 3: Dearadh agus ríomh EN 13480-3:2017/A2:2020 EN 13480-3:2017/A3:2020 EN 13480-3:2017/A1:2021";

(2) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán
"40.	EN 1515-4:2021 Feirí agus a siúntaí – Boltáil– Cuid 4: Roghnú boltála le haghaidh trealamh atá faoi réir Threoir 2014/68/AE maidir le Brú-Threalamh
41.	EN 14222:2021 Coirí gaile cruach dosmálta".

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

Uimh.	An tagairt don chaighdeán	Dáta an tarraingt siar
"38.	EN 1515-4:2009 Feirí agus a siúntaí – Boltáil– Cuid 4: Roghnú boltála le haghaidh trealamh atá faoi réir Threoir 97/23/CE maidir le Brú-Threalamh	12 Aibreán 2023
39.	EN 14222:2003 Coirí scealla cruach dosmálta	12 Aibreán 2023".